2026/543

17.6.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/543 ÓN gCOIMISIÚN

an 12 Márta 2026

lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2023/2631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na foirmeacha, na teimpléid agus na nósanna imeachta caighdeánacha chun fógra a thabhairt faoi athruithe ábhartha ar an bhfaisnéis a sholáthraítear le haghaidh clárú mar athbhreithneoir seachtrach

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2023/2631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Samhain 2023 maidir le Bannaí Glasa Eorpacha agus nochtaí roghnacha le haghaidh bannaí a mhargaítear mar bhannaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus le haghaidh bannaí atá nasctha le hinbhuanaitheacht ([1]), agus go háirithe Airteagal 24(2), an ceathrú fomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun an tslándáil a choimirciú agus chun feabhas a chur ar bhainistíocht agus inúsáidteacht sonraí, na foirmeacha, na teimpléid agus na nósanna imeachta caighdeánacha ba cheart d'athbhreithneoirí seachtracha a úsáid agus fógra á thabhairt don Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) faoi athruithe ábhartha ar an bhfaisnéis a sholáthraítear le haghaidh cláraithe, ba cheart iad a bheith meaisín-inléite agus ba cheart iad a sholáthar ar mheán marthanach.

(2) Chun cúnamh a thabhairt do ESMA na doiciméid a shainaithint a chuir athbhreithneoir seachtrach isteach mar chuid den fhógra faoi athruithe ábhartha ar an bhfaisnéis a sholáthraítear le haghaidh cláraithe, ba cheart d'athbhreithneoirí seachtracha uimhir thagartha uathúil a sholáthar do gach doiciméad a chuirtear isteach.

(3) Ar mhaithe le dearbhú agus cuntasacht, ba cheart d'athbhreithneoir seachtrach a thugann fógra do ESMA faoi athruithe ábhartha ar an bhfaisnéis a sholáthraítear le haghaidh cláraithe an fógra a chomhlánú le litir arna síniú ag comhalta dá bhainistíocht shinsearach, lena bhfianaítear go bhfuil an fhaisnéis a cuireadh isteach cruinn agus iomlán chomh fada agus is eol dó.

(4) Leis an Rialachán seo, urramaítear na cearta bunúsacha agus comhlíontar na prionsabail a aithnítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, go háirithe an ceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint. Ba cheart próiseáil sonraí pearsanta chun críocha an Rialacháin seo a dhéanamh i gcomhréir le dlí an Aontais maidir le cosaint sonraí pearsanta. I ndáil leis sin, aon phróiseáil sonraí pearsanta a dhéanann ESMA agus an Rialachán seo á chur i bhfeidhm, ba cheart í a dhéanamh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]). Aon phróiseáil sonraí pearsanta a dhéanann athbhreithneoirí seachtracha laistigh de chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, ba cheart í a dhéanamh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) agus le ceanglais náisiúnta maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta.

(5) Chun é a chur ar a chumas do ESMA measúnú a dhéanamh ar na fógraí faoi athruithe ábhartha ar an bhfaisnéis a sholáthraítear le haghaidh clárú mar athbhreithneoir seachtrach, agus coimircí cuí á n-áirithiú an tráth céanna, ba cheart do hathbhreithneoirí seachtracha agus do ESMA sonraí pearsanta maidir leis na hathbhreithneoirí seachtracha sin a choinneáil ar feadh tréimhse nach faide ná 5 bliana tar éis don athbhreithneoir seachtrach scor dá fheidhm a chomhlíonadh.

([1]) IO L, 2023/2631, 30.11.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2631/oj.

([2]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

([3]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1. ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj).

(6) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 agus thug an Maoirseoir barúlacha foirmiúla an 18 Samhain 2025.

(7) Tá an Rialachán seo bunaithe ar na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme a chuir ESMA faoi bhráid an Choimisiúin.

(8) Reáchtáil ESMA comhairliúcháin phoiblí oscailte maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe. Rinne sé anailís ar na costais agus ar na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ann agus d'iarr sé comhairle ar an nGrúpa Geallsealbhóirí um Urrúis agus Margaí arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]),

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

An nós imeachta chun fógra a thabhairt faoi athruithe ábhartha ar an bhfaisnéis a sholáthraítear tráth an chlárúcháin

1. Úsáidfidh na hathbhreithneoirí seachtracha na foirmeacha agus na teimpléid chaighdeánacha a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo chun fógra a thabhairt do ESMA faoi athrú ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 24(1) de Rialachán (AE) 2023/2631.

Cuirfidh athbhreithneoirí seachtracha an fhaisnéis is gá isteach i bhformáid mheaisín-inléite lenar féidir an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) rochtain a bheith ag ESMA fós ar an bhfaisnéis atá stóráilte sna foirmeacha sin ar feadh 45 lá oibre;

(b) an fhaisnéis a atáirgeadh gan í a athrú.

Agus na foirmeacha agus na teimpléid chaighdeánacha á gcur isteach, áiritheoidh athbhreithneoirí seachtracha an méid seo a leanas:

(a) sainaithnítear go soiléir go bhfuil an fhaisnéis is gá i ndoiciméid a chuirtear isteach leis an bhfoirm chaighdeánach;

(b) sanntar uimhir thagartha uathúil do gach doiciméad ina bhfuil an fhaisnéis;

(c) sonraítear san fhaisnéis cén ceanglas de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2179 ón gCoimisiún ([5]) nó de Rialachán Tarmligthe (AE) 2026/544 ón gCoimisiún ([6]) dá dtagraíonn sí agus sainaithnítear inti an doiciméad ina soláthraítear faisnéis.

I gcás nach bhfuil feidhm ag ceanglas de Rialachán (AE) 2023/2631 maidir leis an bhfógra, léireoidh na hathbhreithneoirí seachtracha é sin san fhoirm chaighdeánach agus soláthróidh siad míniú tionlacain.

2. Cuirfidh athbhreithneoirí seachtracha litir leis an bhfoirm chaighdeánach arna síniú ag comhalta de bhainistíocht shinsearach an athbhreithneora sheachtraigh, lena bhfianaítear go bhfuil an fhaisnéis a cuireadh isteach san fhoirm chaighdeánach cruinn agus iomlán chomh fada agus is eol don chomhalta sin ar an dáta a chuirtear an fhoirm chaighdeánach sin isteach.

([4]) Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1095/oj).

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2179 ón gCoimisiún an 12 Meán Fómhair 2025 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2023/2631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na foirmeacha, na teimpléid agus na nósanna imeachta caighdeánacha chun an fhaisnéis a sholáthar le haghaidh iarratas ar chlárú mar athbhreithneoir seachtrach le haghaidh Bannaí Glasa Eorpacha (IO L, 2025/2179, 30.12.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/2179/oj).

([6]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2026/544 ón gCoimisiún an 12 Márta 2026 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2023/2631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála ina sonraítear na critéir chun measúnú a dhéanamh ar a iomchuí, a leordhóthanaí agus a éifeachtaí atá córais, acmhainní agus nósanna imeachta na n-athbhreithneoirí seachtracha, a bhfeidhm chomhlíonta, beartais agus nósanna imeachta inmheánacha, modheolaíochtaí measúnaithe agus faisnéis a úsáidtear le haghaidh athbhreithnithe, chomh maith le faisnéis, foirm agus ábhar na n-iarratas ar aitheantas athbhreithneoirí seachtracha tríú tír (IO L, 2026/544, 17.6.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2026/544/oj).

3. Coimeádfaidh ESMA sonraí pearsanta a bhaineann le fógraí faoi athruithe ábhartha ar an bhfaisnéis a sholáthraítear le haghaidh clárú mar athbhreithneoir seachtrach chomh fada agus is gá chun measúnú a dhéanamh ar an bhfógra agus ar feadh tréimhse nach faide ná 5 bliana tar éis don athbhreithneoir seachtrach scor dá fheidhm a chomhlíonadh. Coimeádfaidh athbhreithneoirí seachtracha sonraí pearsanta a bhaineann le fógraí faoi athruithe ábhartha ar an bhfaisnéis a sholáthraítear le haghaidh clárú chomh fada agus is gá agus ar feadh tréimhse nach faide ná 5 bliana.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Márta 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

TAGAIRTÍ DOICIMÉID

Airteagal/Airteagail de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2179 nó de Rialachán Tarmligthe (AE) 2026/544 nó Iarscríbhinn/Iarscríbhinní a ghabhann leo lena mbaineann an fhaisnéis	Uimhir thagartha uathúil an doiciméid	Teideal an doiciméid	Ceanglas sonrach Rialachán (AE) 2023/2631 lena mbaineann an fhaisnéis	Caibidil nó roinn nó leathanach den doiciméad ina soláthraítear an fhaisnéis nó an chúis nach soláthraítear an fhaisnéis

IARSCRÍBHINN II

FOIRM CHAIGHDEÁNACH CHUN FÓGRA A THABHAIRT FAOI ATHRUITHE ÁBHARTHA

Ainm iomlán an athbhreithneora sheachtraigh	
Dáta clárúcháin nó aitheantais le ESMA	
[Sonraigh an tagairt dhlíthiúil ábhartha lena léirítear an tAirteagal/na hAirteagail de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2179 nó Rialachán Tarmligthe (AE) 2026/544, nó an Iarscríbhinn/na hIarscríbhinní a ghabhann leo.]	*[Úsáid an colún seo chun míniú a thabhairt ar an athrú/na hathruithe]*
[Cuir rónna breise isteach más gá]	

[Sonraigh cén Iarscríbhinn nó cé na hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2179 nó le Rialachán Tarmligthe (AE) 2026/544 atá le cur isteach an athuair]

Iarscríbhinn I *(Tá/Níl)*		Iarscríbhinn V *(Tá/Níl)*	
Iarscríbhinn II *(Tá/Níl)*		Iarscríbhinn VI *(Tá/Níl)*	
Iarscríbhinn III *(Tá/Níl)*		Iarscríbhinn VII *(Tá/Níl)*	
Iarscríbhinn IV *(Tá/Níl)*		Iarscríbhinn VIII *[athbhreithneoirí seachtracha aitheanta amháin] (Tá/Níl)*	